An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 27 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**EUCO 14/23**

**CO EUR 11**
**CONCL 5**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (26 agus 27 Deireadh Fómhair 2023) – Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

## I. AN ÚCRÁIN

1. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach an géarcháineadh a rinne sí ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, cogadh atá ina shárú follasach ar Chairt na Náisiún Aontaithe, agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil an tAontas Eorpach ag tacú go daingean le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad agus le ceart bunúsach na hÚcráine í féin a chosaint in aghaidh fhogha na Rúise.

2. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht láidir airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a thabhairt don Úcráin agus dá muintir a fhad is gá.

3. Go háirithe, leanfaidh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit de thacaíocht mhíleata inbhuanaithe a thabhairt don Úcráin, go háirithe tríd an tSaoráid Eorpach Síochána, agus trí Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais, mar aon le cúnamh déthaobhach ó na Ballstáit. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá iarrachtaí na mBallstát, agus an gá atá le dlús a chur, láithreach, le seachadadh na tacaíochta míleata don Úcráin chun cabhrú léi freastal ar a riachtanais phráinneacha mhíleata agus chosanta, lena n-áirítear diúracáin agus armlón, go háirithe faoi thionscnamh an mhilliúin urchar armlóin airtléire, chomh maith le córais aerchosanta chun a muintir agus a bonneagar criticiúil agus fuinnimh a chosaint.

   San fhadtéarma, rannchuideoidh an tAontas Eorpach agus na Ballstáit, i gcomhar lena gcomhpháirtithe, le comhlíonadh na ngealltanas slándála don Úcráin amach anseo, rud a chuideoidh leis an Úcráin í féin a chosaint, a chuirfidh in aghaidh na n-iarrachtaí díchobhsúcháin agus a chuirfidh bac ar ghníomhartha foghacha amach anseo. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Ardionadaí, bunaithe ar chreat a bheidh le formhuiniú ag an gComhairle, dul i gcomhairle leis an Úcráin maidir le gealltanais slándála an Aontais amach anseo agus tuairisc ar an bplé sin a chur faoi bhráid na Comhairle Eorpaí i mí na Nollag.

   Agus an tacaíocht mhíleata sin agus na gealltanais slándála sin á gcur i gcrích, tabharfar lánurraim do bheartas slándála agus cosanta Ballstát áirithe agus cuirfear leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile san áireamh.

4. Agus ionsaithe leanúnacha á ndéanamh ag an Rúis ar bhonneagar sibhialta agus criticiúil na hÚcráine, cuirfidh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit dlús le soláthar na cabhrach daonnúla agus cosanta sibhialta don Úcráin, lena n-áirítear trealamh, mar shampla gineadóirí cumhachta, claochladáin chumhachta, stáisiúin shoghluaiste téimh, agus trealamh ardvoltais agus soilsithe, chun cabhrú leis an Úcráin agus lena muintir aghaidh a thabhairt ar gheimhreadh eile i mbun cogaidh.

5. Leanfaidh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit dá ndianiarrachtaí for-rochtana taidhleoireachta agus leanfaidh siad de bheith ag obair i gcomhar leis an Úcráin agus le tíortha eile chun an tacaíocht idirnáisiúnta is leithne is féidir a áirithiú do shíocháin chóir chuimsitheach mharthanach agus do phríomhphrionsabail agus do phríomhchuspóirí Fhoirmle Shíochána na hÚcráine, d'fhonn Cruinniú Mullaigh Domhanda Síochána a thionól.

6. Tá an Rúis freagrach as an damáiste ollmhór atá déanta aici agus cogadh foghach á fhearadh aici ar an Úcráin. Tá gá le dul chun cinn cinntitheach, i gcomhar lenár gcomhpháirtithe, féachaint cé mar is féidir aon ioncam urghnách a úsáid atá i seilbh eintiteas príobháideach a thagann go díreach ó chalcadh shócmhainní na Rúise chun tacú le téarnamh agus atógáil na hÚcráine, i gcomhréir leis na hoibleagáidí conarthacha is infheidhme, agus i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún dlús a chur leis an obair ar an ábhar sin d'fhonn gur féidir tograí a thíolacadh. Leanann an tAontas Eorpach de bheith tiomanta tacú le deisiú, téarnamh agus atógáil na hÚcráine, i gcomhar leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear tacú leis an bpróiseas dímhianadóireachta. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an toradh a bhí ar an gComhdháil Idirnáisiúnta Deontóirí a tionóladh i Ságrab an 11 agus an 12 Deireadh Fómhair 2023 maidir leis an dímhianú ar chúiseanna daonnúla san Úcráin, an tacaíocht do rialachas éifeachtúil chomhrac na mianach san áireamh.

7. Ní mór an Rúis agus a lucht ceannais a thabhairt chun cuntais go huile agus go hiomlán as an gcogadh foghach atá á fhearadh aici ar an Úcráin agus as coireanna tromchúiseacha eile faoin dlí idirnáisiúnta. Iarrann an Chomhairle Eorpach go leanfaí den obair, lena n-áirítear sa Chroíghrúpa, ar na hiarrachtaí chun binse a bhunú chun coir an fhogha faoin Úcráin a ionchúiseamh, a mbeadh an tacaíocht agus an dlisteanacht thrasréigiúnach is leithne aige, chun sásra cúitimh iomláin a bhunú amach anseo. Thairis sin, cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl go dtacaíonn sí le hobair na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta agus cáineann sí iarrachtaí na Rúise an bonn a bhaint dá sainordú agus dá feidhmiú idirnáisiúnta.

8. Cáineann an Chomhairle Eorpach go neamhbhalbh an chaoi ar dhíbir agus ar aistrigh an Rúis leanaí agus sibhialtaigh eile go neamhdhleathach ón Úcráin chuig an Rúis agus chuig an mBealarúis, agus tathantaíonn sí ar an Rúis agus ar an mBealarúis a áirithiú go ndéanfar na daoine sin a fhilleadh go slán sábháilte.

9. Cumas na Rúise an cogadh foghach seo aici a fhearadh, ní mór leanúint den chumas sin a lagú, lena n-áirítear trí na smachtbhannaí a neartú a thuilleadh fós arís, agus trína gcur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach agus an teacht timpeall orthu a chosc, go háirithe i gcás earraí ardriosca, i ndlúthchomhar lenár gcuid comhpháirtithe agus comhghuaillithe. Cáineann an Chomhairle Eorpach an tacaíocht mhíleata atá á tabhairt i gcónaí ag an Iaráin agus ag an mBealarúis do chogadh foghach na Rúise. Tathantaíonn sí freisin ar gach aon tír, go háirithe Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC), gan tacaíocht ábharach ná eile a chur ar fáil do chogadh foghach na Rúise. Cuirfidh an tAontas Eorpach dlús lena chuid oibre lena chomhpháirtithe chun cur i gcoinne insintí bréagacha agus bréagaisnéis na Rúise faoin gcogadh.

10. Is mór an chúis díomá don Aontas Eorpach gur rith parlaimint na Rúise dlí chun an daingniú a rinne Cónaidhm na Rúise ar an gConradh um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBT) a tharraingt siar.

11. Leis an gcinneadh aontaobhach a rinne sí deireadh a chur le cur chun feidhme Thionscnamh Gráin na Mara Duibhe agus na hionsaithe a rinne sí d'aon ghnó ar shaoráidí stórála agus onnmhairithe gráin na hÚcráine, chomh maith lena hiarrachtaí bac a chur ar an tsaoirse loingseoireachta sa Mhuir Dhubh, is léir go bhfuil an Rúis ag leanúint d'uirlis troda a dhéanamh den bhia agus dá hiarracht an bonn a bhaint den tslándáil bia dhomhanda. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá an tslándáil agus an chobhsaíocht sa Mhuir Dhubh le go bhféadfar grán a onnmhairiú ar bhealach inbhuanaithe. Tacaíonn sí le gach iarracht, lena n-áirítear iarrachtaí na Náisiún Aontaithe, le gurbh fhusa a bheidh sé grán agus táirgí talmhaíochta eile de chuid na hÚcráine a onnmhairiú chuig na tíortha is mó gátar, go háirithe san Afraic agus sa Mheánoirthear. Iarrann an Chomhairle Eorpach go bhfeabhsófaí acmhainneacht Lánaí Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a thuilleadh le gurbh fhearr a bheidh an t-iompar agus an t-onnmhairiú chuig na tíortha sin, agus iarrann sí ar an gCoimisiún bearta nua a mholadh chun na críche sin.

12. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur cuireadh síneadh leis an gcosaint shealadach do dhaoine easáitithe ón Úcráin go dtí mí an Mhárta 2025. Leanann an tAontas Eorpach dá thiomantas tacú le daoine easáitithe, san Úcráin agus san Aontas Eorpach araon, lena n-áirítear trí chúnamh airgeadais solúbtha leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit sin a bhfuil an t-ualach is mó orthu ó thaobh chostais leighis, oideachais agus mhaireachtála na ndídeanaithe.

13. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht a thabhairt do Phoblacht na Moldóive agus aghaidh á tabhairt aici ar na dúshláin atá roimpi de bharr fhogha na Rúise faoin Úcráin.

14. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag obair i ndlúthchomhar leis an Úcráin, le Poblacht na Moldóive agus leis an tSeoirsia agus tacóidh sé lena gcuid iarrachtaí ar athchóiriú a dhéanamh agus iad ar a gconairí Eorpacha.

## II. AN MEÁNOIRTHEAR

15. Agus an Ráiteas óna comhaltaí á athdhearbhú aici ón 15 Deireadh Fómhair 2023, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go gcáineann sí go neamhbhalbh Hamas as na hionsaithe brúidiúla sceimhlitheoireachta atá déanta gan idirdhealú aige ó cheann ceann Iosrael. Is uafásach an t-ainghníomh é sibhialtaigh a bheith ina sciatha daonna ag Hamas.

    Cuireann an Chomhairle Eorpach béim láidir ar cheart Iosrael é féin a chosaint i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Iarrann sí an athuair ar Hamas na daoine ar fad atá á gcoinneáil ina ngialla aige a scaoileadh saor láithreach bonn, agus gan aon choinníoll a leagan síos roimh ré.

    Dearbhaíonn an Chomhairle Eorpach an athuair a thábhachtaí atá sé cosaint na sibhialtach go léir a áirithiú i gcónaí i gcomhréir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Is saoth léi gach bás sibhialtach.

    Rinne an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar staid na himeartha agus ar an obair leantach i ndáil leis na gnéithe éagsúla gníomhaíochta, lena n-áirítear iarrachtaí comhbheartaithe chun cúnamh a thabhairt do shaoránaigh an Aontais.

16. Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl gur cúis mhór imní di an staid dhaonnúil in Gaza, staid atá ag dul in olcas, agus iarrann sí go dtabharfaí rochtain dhaonnúil leanúnach, thapa, shábháilte agus gan bhac orthu siúd atá i ngátar trí na bearta uile is gá, lena n-áirítear conairí agus sosanna daonnúla chun críocha riachtanais dhaonnúla. Oibreoidh an tAontas Eorpach i ndlúthchomhar le comhpháirtithe sa réigiún chun sibhialtaigh a chosaint, cúnamh a chur ar fáil agus rochtain ar bhia, ar uisce, ar chúram leighis, ar bhreosla agus ar dhídean a éascú, agus é á chinntiú acu nach mbainfidh eagraíochtaí sceimhlitheoireachta mí-úsáid as an gcúnamh sin.

17. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach gur gá géarú réigiúnach a sheachaint agus dul i mbun plé chuige sin leis na comhpháirtithe, Údarás na Palaistíne san áireamh.

18. Tá an tAontas Eorpach réidh chun cuidiú leis an bpróiseas polaitiúil a athbheochan ar bhonn an réitigh dhá stát, lena n-áirítear trí Thionscnamh Lá na Síochána, agus is díol sásaimh dó na tionscnaimh taidhleoireachta síochána agus slándála agus tacaíonn sé le comhdháil síochána idirnáisiúnta a thionóil go luath.

19. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a riachtanaí atá sé scaipeadh na bréagaisnéise agus an ábhair neamhdhleathaigh a chomhrac, agus tarraingíonn sí aird ar fhreagracht dhlíthiúil na n-ardán sa chomhthéacs sin.

## III. CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL 2021-2027

20. Tar éis seisiún tuairimíochta críochnaitheach a bheith aici maidir leis an athbhreithniú atá beartaithe ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle leanúint ar aghaidh leis an obair, d'fhonn teacht ar chomhaontú faoi dheireadh na bliana.

## IV. AN GEILLEAGAR

21. I bhfianaise na ndúshlán atá ann agus atá ag dul i gcastacht, lena n-áirítear tírdhreach déimeagrafach atá ag athrú agus an iomaíocht dhomhanda atá ag dul i ndéine, tá bonn láidir eacnamaíoch de dhíth ar an Aontas Eorpach chun a iomaíochas fadtéarmach a áirithiú mar aon leis an gcothrom iomaíochta, go hinmheánach agus ar fud an domhain, bonn a mbeadh Margadh Aonair lánfheidhmiúil gona cheithre shaoirse ina chroílár. Ní mór don Aontas Eorpach a bhonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch a neartú agus feabhas a chur ar a chuid athléimneachta eacnamaíche, a nascacht shlán, a rochtain ar an margadh domhanda agus a tháirgiúlacht, chun an uathriail straitéiseach a bhaint amach agus geilleagar oscailte á chaomhnú aige ag an am céanna.

Agus measúnú á dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo, leag an Chomhairle Eorpach béim ar a riachtanaí atá sé dlús a chur leis an obair maidir leis an méid a leanas:

a) buntáiste iomaíoch an Aontais a fhorbairt i réimse na dteicneolaíochtaí digiteacha agus na dteicneolaíochtaí glana, lena n-áirítear trí dhíriú ar an nuáil, ar thaighde, ar an oideachas agus ar scileanna;

b) soláthar leordhóthanach fuinnimh a áirithiú a bheidh glan agus inacmhainne;

c) na príomhspleáchais chriticiúla a laghdú agus na slabhraí soláthair a éagsúlú trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha;

d) an t-aistriú chuig geilleagar níos ciorclaí a chothú; agus

e) an t-ualach rialála a laghdú.

22. Déanann an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas:

a) iarrann sí ar na comhreachtóirí teacht ar chomhaontú pras maidir leis an nGníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla, an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta agus maidir leis an athchóiriú ar dhearadh an mhargaidh leictreachais;

b) iarrann sí go ndéanfaí obair leantach go pras ar an teachtaireacht ón gCoimisiún le déanaí maidir le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais cógas san Aontas Eorpach, agus rochtain níos fearr ar chógais agus earnáil nuálach iomaíoch cógaisíochta á n-áirithiú ag an am céanna;

c) iarrann sí go gcuirfí tús leis an obair ar mheasúnuithe riosca comhpháirteacha, i bhfianaise an mholta maidir le réimsí criticiúla teicneolaíochta;

d) iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tuilleadh feabhais a chur ar na creatchoinníollacha le haghaidh na hinfheistíochta, lena n-áirítear trí chreat rialála coiteann, soiléir agus comhleanúnach agus trí thimpeallacht ghnó a bheadh níos fabhraí don iomaíochas. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar gach institiúid ábhartha dul ar aghaidh leis an obair chun an rialáil a shimpliú agus chun an t-ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a laghdú, lena n-áirítear ceanglais tuairiscithe, go háirithe do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta. Iarrann sí freisin ar an gCoimisiún tograí breise a fhorbairt i ndáil leis sin, agus deiseanna an gheilleagair sonraí agus sonraí gnó caighdeánaithe a thapú;

e) iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint den obair chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí saobhacha na dtaraifí agus na bhfóirdheontas, arna gcur i bhfeidhm ag gníomhaithe domhanda, chun an cothrom iomaíochta a áirithiú ar fud an domhain.
Iarrann sí freisin go n-oibreodh an Coimisiún go dian ar mhaolú a dhéanamh ar na gnéithe achrannacha idirdhealaitheacha den Acht um Boilsciú a Laghdú (SAM), lena n-áirítear a áirithiú go dtabharfar stádas don Aontas Eorpach atá coibhéiseach le comhpháirtí i gcomhaontú saorthrádála faoi fhorálacha an Achta sin;

f) iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar na comhreachtóirí cur chun feidhme na gconclúidí ón gComhairle Eorpach an 9 Feabhra agus an 23 Márta 2023 a thabhairt chun críche agus aon bhearta breise a ghlacadh a mheasfaí a bheith riachtanach chun iomaíochas agus tarraingteacht an Aontais don infheistíocht a fheabhsú;

g) meabhraítear di gur iarr sí ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le tionchar an bheartais reatha státchabhrach ar shláine an Mhargaidh Aonair agus ar iomaíochas domhanda an Aontais; agus

h) iarrann sí ar an gComhairle leanúint den obair maidir leis an Athbhreithniú ar Rialachas Eacnamaíoch, d'fhonn an obair reachtach a thabhairt chun críche in 2023.

## V. AN IMIRCE AGUS ÁBHAIR EILE

23. Bhí plé straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir leis an imirce agus thug sí dá haire an litir le déanaí ó Uachtarán an Choimisiúin.

24. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir na hionsaithe sceimhlitheoireachta a rinneadh le déanaí sa Fhrainc agus sa Bheilg inar maraíodh agus gortaíodh náisiúnaigh de chuid na Sualainne agus na Fraince. Seasann an tAontas Eorpach go diongbháilte le chéile i gcomhrac na sceimhlitheoireachta, an fhuatha agus an antoisceachais fhoréignigh de gach cineál. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na hinstitiúidí agus ar na Ballstáit iarrachtaí comhbheartaithe a dhéanamh chun na réimsí beartais ábhartha uile ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a shlógadh chun feabhas a chur ar an tslándáil inmheánach, lena n-áirítear an comhar i ndáil le forfheidhmiú an dlí agus an comhar breithiúnach a neartú, faisnéis a mhalartú agus leas iomlán á bhaint as bunachair sonraí ábhartha, na teorainneacha seachtracha a chosaint, smuigléirí a chomhrac agus dlúthchomhar le tríú tíortha.

25. Déanann an Chomhairle Eorpach comhbhrón ó chroí le híospartaigh na dtubaistí nádúrtha agus na dteagmhas adhaimsire a tharla le déanaí agus seasann sí i ndlúthpháirtíocht leis na híospartaigh sin i mBallstáit an Aontais agus i dtríú tíortha.

26. Léiríonn minice agus déine na dteagmhas adhaimsire a phráinní atá sé go dtabharfar freagairt dhomhanda ar an éigeandáil aeráide. Is den ríthábhacht na hiarrachtaí ar oiriúnú don athrú aeráide agus maolú ar an athrú aeráide má táthar chun athléimneacht an Aontais agus a chumas freagartha ar ghéarchéimeanna a neartú. Á mheabhrú di na conclúidí ón gComhairle an 16 agus an 17 Deireadh Fómhair 2023, rinne an Chomhairle Eorpach a marana i ndáil leis na hullmhúcháin do Chomhdháil 2023 na Náisiún Aontaithe in Dubai maidir leis an Athrú Aeráide (COP28) agus iarrann sí go méadófaí ar an ngníomhú agus ar an uaillmhian ar scála domhanda[1]. Iarrann an Chomhairle Eorpach go dtabharfaí an tacaíocht is leithne is féidir don Ghealltanas Domhanda maidir le Fuinneamh In-athnuaite agus Éifeachtúlacht Fuinnimh atá le cur ar aghaidh ag an Aontas Eorpach ag COP28.

27. I bhfianaise an damáiste atá déanta don bhonneagar criticiúil i Muir Bhailt de bharr gníomhaíocht sheachtrach, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a riachtanaí atá sé bearta éifeachtacha a dhéanamh chun an athléimneacht a neartú agus chun slándáil an bhonneagair chriticiúil a áirithiú. Leagann sí béim freisin ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh cur chuige cuimsitheach comhordaithe ann i ndáil le hullmhacht agus freagairt ar ghéarchéimeanna an Aontais Eorpaigh, lena n-áiritheofaí go rannchuideodh gach earnáil le cur chuige uile-ghuaise.

---

**1** agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé, de réir tuarascálacha ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide, go dtiocfadh deireadh le hardú na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an domhain roimh 2025 ar a dhéanaí, má táthar chun an téamh a theorannú go thart ar 1.5ºC.

28. Is cúis mhór imní don Chomhairle Eorpach an staid slándála i dtuaisceart na Cosaive[*]. Cáineann sí go láidir an t-ionsaí foréigneach a rinneadh ar Phóilíní na Cosaive an 24 Meán Fómhair 2023. Tá an tAontas Eorpach ag súil go ndéanfar déantóirí na coire a ghabháil agus a thabhairt os comhair na cúirte go pras agus go gcomhoibreoidh an tSeirbia go hiomlán agus go ndéanfaidh sí gach beart is gá ina leith sin. Ní mór don Chosaiv agus don tSeirbia iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh chun an lasóg a bhaint den bharrach, agus lena áirithiú go reáchtálfar toghchán nua i dtuaisceart na Cosaive a luaithe is féidir, agus go mbeadh Seirbiaigh na Cosaive rannpháirteach ar bhealach gníomhach. Mura ndéanfar an teannas a dhíghéarú, beidh iarmhairtí ann. Is oth leis an gComhairle Eorpach nár chuir ceachtar den dá Pháirtí chun feidhme an Comhaontú maidir leis an gconair i dtreo an normalaithe agus an Iarscríbhinn Cur Chun Feidhme a ghabhann leis, ná comhaontuithe eile ar thángthas orthu san idirphlé arna éascú ag an Aontas, faoi stiúir an Ardionadaí agus le tacaíocht ó Ionadaí Speisialta an Aontais. Iarrann sí ar an gCosaiv agus ar an tSeirbia iad a chur chun feidhme gan mhoill agus gan réamhchoinníollacha. Áirítear leis sin bunú Chomhlachas/Chomhphobal Bhardais na dtromlach Seirbiach. Ar a gconair Eorpach dóibh, is coinníoll riachtanach é go ndéanfaí an caidreamh a normalú idir an dá Pháirtí agus d’fhéadfadh sé go gcaillfí deiseanna tábhachtacha ar an dá thaobh in éagmais dul chun cinn.

29. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag obair i ndlúthchomhar leis na Balcáin Thiar agus tacóidh sé lena gcuid iarrachtaí ar athchóiriú a dhéanamh agus iad ar a gconairí Eorpacha.

30. Tá an Chomhairle Eorpach ag tacú i gcónaí le buansíocháin mharthanach a chur chun cinn idir an Airméin agus an Asarbaiseáin bunaithe ar phrionsabail an aitheantais don cheannasacht, dhosháraitheacht na dteorainneacha agus na hiomláine críochaí. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé cearta agus slándáil Airméanaigh Charabaic a áirithiú, lena n-áirítear iad siúd ar mian leo filleadh ar a mbaile. Tá sí ag tacú le próiseas normalaithe na Bruiséile agus iarrann sí ar na Páirtithe a bheith rannpháirteach de mheon macánta agus an próiseas sin a thabhairt chun críche faoi dheireadh na bliana seo.

31. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún roghanna a chur i láthair maidir leis an gcaoi is fearr a bhféadfaí gach gné den chaidreamh idir an tAontas agus an Airméin a neartú.

---

[*] Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

32. Bhí plé straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir leis an staid sa tSaiheil. Cuireann sí in iúl gur cúis imní di an meath leanúnach atá ag teacht ar an staid slándála agus dhaonnúil sa tSaiheil, ar measa fós í mar gheall ar an éagobhsaíocht pholaitiúil. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá cobhsaíocht na Saiheile agus an réigiúin máguaird, lena n-áirítear na stáit chomharsanachta chósta, do shlándáil agus rathúnas na ndaoine atá ina gcónaí sa tSaiheil agus do shlándáil agus rathúnas an Aontais. Leanfaidh an tAontas Eorpach dá chuid teagmhála chun tacú le ECOWAS agus dá theagmháil leis na príomh-chomhpháirtithe sa réigiún. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún na roghanna atá ann a leagan amach le go bhféadfar gníomhaíocht an Aontais agus na hionstraimí ábhartha a oiriúnú don staid reatha sa réigiún. Iarrann an Chomhairle Eorpach go scaoilfí saor láithreach an tUachtarán Bazoum agus a theaghlach.